II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1246 ÓN gCOIMISIÚN

an 14 Iúil 2022

lena bhformheastar leasuithe nach mion ar shonraíocht le haghaidh ainm a iontráladh sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint "Bra" (STFC)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí ([1]), agus go háirithe Airteagal 52(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun na chéad fhomhíre d'Airteagal 53(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, tá scrúdú déanta ag an gCoimisiún ar iarratas na hIodáile ar leasuithe a fhormheas ar shonraíocht an tsonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint "Bra" atá cláraithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 1263/96 ón gCoimisiún ([2]), arna leasú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1280/2014 ón gCoimisiún ([3]).

(2) Ós rud é gur leasuithe nach mion atá sna leasuithe i gceist de réir bhrí Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, d'fhoilsigh an Coimisiún an t-iarratas ar leasú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([4]) faoi mar a cheanglaítear le hAirteagal 50(2)(a) den Rialachán sin.

(3) Fuair an Coimisiún dhá litir inar cuireadh i gcoinne fhormheas an leasaithe ar shonraíocht an tsonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint "Bra". Fuarthas an chéad litir an 4 Márta 2022 ó chomhlachas táirgeoirí comhábhar bia a bunaíodh sa Fhrainc. Fuarthas an dara litir an 15 Márta 2022 ó dhuine nádúrtha a bhfuil cónaí air sa Fhrainc. Seoladh an dá litir go díreach chuig an gCoimisiún.

(4) I gcomhréir le hAirteagal 51(1), an dara fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, féadfaidh daoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhfuil leas dlisteanach acu, atá ina gcónaí nó bunaithe i mBallstát seachas an Ballstát ónar cuireadh isteach an t-iarratas, fógra freasúra a thaisceadh leis an mBallstát ina bhfuil siad bunaithe. Agus é á chur san áireamh gur taisceadh go díreach leis an gCoimisiún an dá litir atá i gcoinne fhormheas an leasaithe agus, dá bhrí sin, nach raibh siad i gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear in Airteagal 51(1) thuas, meastar go bhfuil na litreacha freasúra sin neamh-inghlactha.

([1]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1263/96 ón gCoimisiún an 1 Iúil 1996, lena bhforlíontar an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/96 maidir le tásca geografacha agus sonrúcháin tionscnaimh a chlárú faoin nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 17 de Rialachán (CEE) Uimh. 2081/92 (IO L 163, 2.7.1996, lch. 19).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1280/2014 ón gCoimisiún an 26 Samhain 2014 lena bhformheastar leasuithe nach mion ar shonraíocht le haghaidh ainm a iontráladh sa chlár um shonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus um thásca geografacha faoi chosaint [Bra (STFC)] (IO L 347, 3.12.2014, lch. 10).

([4]) IO C 507, 16.12.2021, lch. 18.

(5) I bhfianaise a bhfuil thuas, measann an Coimisiún gur cheart na leasuithe ar shonraíocht an tsonrúcháin tionscnaimh faoi chosaint "Bra" a fhormheas,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Tá na leasuithe ar an tsonraíocht a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maidir leis an ainm "Bra" (STFC) formheasta anois.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 14 Iúil 2022.

Thar ceann an Choimisiúin,
Ar son an Uachtaráin,
Janusz WOJCIECHOWSKI
Comhalta den Choimisiún